AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2024
COM(2024) 421 final

2024/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10477/21 INIT; ST 10477/21 ADD 1) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine

2024/0233 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10477/21 INIT; ST 10477/21 ADD 1) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Liotuáin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 14 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3].

(2) An 25 Iúil 2024, rinne an Liotuáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Liotuáin.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 2 bheart.

(4) Mhínigh an Liotuáin go ndearnadh beart amháin a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le beart B.1.4 (Infheistíocht 4: Acmhainn ionsúcháin GCT a mhéadú) faoi chomhpháirt 2 Aistriú Glas na Liotuáine. Leis an mbeart sin, ceanglaíodh ar na hiarratasóirí uile struchtúir hidriteicniúla a shuiteáil ar dtús chun leibhéal an uisce a rialáil sna limistéir bhainistithe tar éis bogaigh (tailte portaigh) a athbhunú. Mar sin

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 10477/21 INIT; ST 10477/21 ADD 1
[3] ST 14637/23 INIT; ST 14637/23 COR 1; ST 14637/23 ADD 1

féin, cuspóir an bhirt chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thailte portaigh draenáilte agus díghrádaithe roimhe seo a laghdú trí na limistéir lena mbaineann a athfhliuchadh, is féidir sin a bhaint amach fós gan srian a chur ar fhaighteoirí bonneagair hidriteicniúla a shuiteáil. Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin go ndéanfaí an tuairisc ar an mbeart sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Liotuáin go ndearnadh beart amháin a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú. Baineann sé sin le garsprioc 147 de bheart F.1.2 (Athchóiriú 2: Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás) faoi chomhpháirt 6 Earnáil Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim. Trí theacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha faoi gharsprioc 147 a chur siar ráithe go dtí an 31 Márta 2023, is féidir leis an Liotuáin teacht i bhfeidhm na dtograí uile maidir le hathchóiriú cánach a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte in 2023 (garspriocanna 143, 145 agus 147) a thabhairt le chéile sa tréimhse chéanna ama, agus ar an gcaoi sin an t-ualach riaracháin ar údaráis chánach na Liotuáine maidir leis na hathchóirithe a chur chun feidhme a laghdú, agus an t-ualach ar cháiníocóirí a laghdú chomh maith. Ina theannta sin, tá an amlíne nua maidir le teacht i bhfeidhm i gcomhthráth níos fearr le teacht i bhfeidhm roinnt bearta cánach a tugadh isteach mar chuid den phacáiste cistiúcháin cosanta a glacadh i bhfianaise na staide geopholaitiúla in 2023 agus 2024 agus ghaireacht na Liotuáine don Rúis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin amlíne gharsprioc 147 a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Liotuáin, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Liotuáin i láthair a chur san áireamh. Áirítear leis sin go háirithe cur chun feidhme 6 gharsprioc a thabhairt ar aghaidh ó thráthchodanna níos déanaí go dtí an dara tráthchuid de thacaíocht neamh-inaisíoctha.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(8) Sainaithníodh earráidí cléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 5 gharsprioc agus sprioc agus do 8 mbeart (fhobheart). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Liotuáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin le spriocanna 34, 35 agus 36 d'fhobheart B.1.2.2 (Tacaíocht d'fheithiclí iompair phoiblí glan-nialasacha a cheannach) agus sprioc 39 agus sprioc 42 d'fhobheart B.1.2.3 (Bonneagar luchtaithe feithiclí/líonta breosla mhalartaigh a shuiteáil) faoi Chomhpháirt 2 (Aistriú Glas na Liotuáine), sprioc 61 de bheart C.1.1 (Aistriú rialachas na teicneolaíochta faisnéise poiblí) faoi Chomhpháirt 3 (Aistriú Digiteach le haghaidh Fáis), beart E.3.1 (Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ardluacha don fhorbairt thionsclaíoch a fhorbairt) faoi Chomhpháirt 5 (Ardoideachas, Creat Comhleanúnach chun Taighde agus Nuálaíocht agus Gnó Ardluacha a Spreagadh), garsprioc 139 d'fhobheart F.1.1.2 (Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt) faoi Chomhpháirt 6 (Earnáil

Phoiblí Éifeachtúil agus Réamhchoinníollacha chun Téarnamh ón bPaindéim), sprioc 193 d'fhobheart G.3.1.1 (Comhtháthú seirbhísí fostaíochta agus sóisialta a fheabhsú) faoi Chomhpháirt 7 (Tuilleadh Deiseanna do Chách chun an Fholláine Náisiúnta a Fhorbairt go Gníomhach), agus beart H.1.1 (Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh) agus beart H.3.1 (Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)) faoi Chomhpháirt 8 (REPowerEU). Ar deireadh, sainaithníodh earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle i ndáil le méid an tríú Tráthchuid den tacaíocht iasachta a leagtar amach i roinn 2(2)(2.3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú an Choimisiúin

(9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Liotuáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 10477/21 INIT; SST 10477/21 ADD 1 an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

Ranníocaíocht airgeadais

(10) Is é EUR 3 849 237 823 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4) agus 21a(6) arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine a bheith comhionann le EUR 2 297 565 464.

(11) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Liotuáin dar luach EUR 1 551 672 358.

(12) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Liotuáin a chinneadh sa chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 maidir le laghdú ar mhéid na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an ranníocaíocht airgeadais faoi EUR 8 733 750 agus ní féidir leis an Liotuáin a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

Measúnú dearfach

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm

tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta agus tacaíochta iasachta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Liotuáine a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Liotuáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

Airteagal 2

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (AE) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine mar a leanas:

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 3
Seolaí

Is chuig Poblacht na Liotuáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán